

**An Fhrainc**



Cá háit ar domhan a bhfuil an Fhrainc?



Tá an Fhrainc sa leathsféar thuaidh.

# Cén ilchríoch ina bhfuil sí?

An Afraic?

An Áise?

An Eoraip?

Meiriceá  
Theas?

An Aigéine?

Meiriceá  
Thuaidh?

Antartaice?


Tá an Fhrainc san Eoraip.



Tá sí in iarthar na hEorpa, soir ó dheas ó Éirinn.

# An Fhrainc

## Fíricí



Príomhchathair: Páras

Daonra: 65 milliún

Achar: 551,695 km<sup>2</sup>

Cathracha eile: Marseille, Nice, Lyon, Toulouse, Bordeaux

Airgeadra: An euro

Teanga: An Fhraincis

Cliceáil ar an nasc thíos chun an Fhraincis a chloisteáil:

<http://www.timeforkids.com/destination/france/native-lingo>





Is í an Fhrainc an tír is mó in iarthar na hEorpa.  
Tá sí breis is 6 huaire níos mó ná Éire.  
Féach leathanach 28 san *Atlas Bunscoile*.



An féidir leat na tíortha a bhfuil teorainn acu leis an bhFrainc a ainmniú?

Tá trí réimse uisce amach ó chósta na Fraince. An féidir leat iad a ainmniú?

Is é **Mont Blanc** an sliabh is airde sa Fhrainc. Tá sé suite sna hAlpa in oirdheisceart na tíre. 4807 m ar airde atá sé.



Is sa Fhrainc atá an chuid is airde de Mont Blanc, ach tá cuid den sliabh san Iodáil agus san Eilvéis chomh maith. Tugtar ‘an bhinn’ ar an gcuid is airde de shliabh.





Tá an aeráid in iarthar na Fraince cosúil go maith le haeráid na hÉireann ach amháin go mbíonn an samhradh níos tirim sa réigiún sin ná mar a bhíonn in Éirinn.

Tá trí phríomhréigiún aeráide sa Fhrainc.

## Aeráid na Fraince




Aeráid Mheánmhuirí atá i ndeisceart na Fraince. Bíonn an samhradh te agus grianmhar. Bíonn an geimhreadh bog.



In oirthear agus i lár na tíre, bíonn sé te sa samhradh agus fuar sa gheimhreadh.

Is é Páras príomhchathair na Fraince. Cónaíonn breis is 10 milliún duine sa chathair agus sna bruachbhailte timpeall uirthi.




Tá clú agus cáil ar Thúr Eiffel ar fud an domhain. Tugann timpeall 7 milliún turasóir cuairt air gach bliain!

An féidir leat Túr Eiffel a fheiceáil sa ghrianghraf thuas?



Tá a lán foirgnimh cháiliúla i bPáras. Seo ar chlé músaem darb ainm an **Louvre**. Tá seoda ealaíne ó gach cearn den domhan le feiceáil ann.

Ceann de na pictiúir atá le feiceáil sa Louvre ná an ‘Mona Lisa’. Is pictiúr de chuid Leonardo da Vinci é, agus deirtear gurb é an pictiúr is cáiliúla ar domhan é.





Tá an-cháil ar fhíonta na Fraince ar fud an domhain. Tá cuid de na fíonta ainmnithe as na ceantair ina ndéantar iad, ar nós Médoc, Champagne agus Chablis.



Agus ná déanaimis dearmad ar na *croissants*!

Bíonn *boulangerie* i ngach baile sa Fhrainc. Is é atá sa *boulangerie* ná bácús.



Bia na Fraince



Is féidir go leor cineálacha aráin a cheannach sa *boulangerie*, ina measc an *baguette*.



Itear seilidí sa Fhrainc.  
*Escargots* a thugtar orthu.

## Bia na Fraince

Tá an-cháil ar cháiseanna  
de chuid na Fraince –  
**Brie**, **Camembert** agus  
**Roquefort**, mar shampla.



**Bíonn féile mhór  
sa Fhrainc gach bliain  
ar an 14 Iúil.**




**Bíonn féile acu ar an lá  
sin gach bliain chun  
comóradh a dhéanamh  
ar an lá a gabhadh an  
*Bastille* sa bhliain 1789.  
Ba é sin an chéad eachtra  
i Réabhlóid na Fraince.**

**Cén fáth a mbíonn muintir na Fraince ag ceiliúradh an lá sin,  
meas tú?**



Réigiún i dtuaisceart na Fraince is ea an Normainn. An bhfuil a fhios agat cén bhaint atá ag an Normainn le hÉirinn?

Tháinig na Normannaigh go hÉirinn sa bhliain 1169. Ba as an Normainn do na Normannaigh.





Tá nasc idir Éire agus an Bhriotáin in iarthuaisceart na Fraince freisin. Tá cultúr Ceilteach sa Bhriotáin, mar atá in Éirinn. Labhraítear teanga Cheilteach ann – an Bhriotáinis. Tá cosúlachtaí áirithe idir an Ghaeilge agus an Bhriotáinis.



Bíonn ceol Ceilteach le cloisteáil sa Bhriotáin. Bíonn go leor féilte ceoil sa réigiún gach bliain, agus déantar ceiliúradh ar an gceol agus ar an damhsa tradisiúnta ag na féilte sin.

# Fíricí Spéisiúla

- Déantar carranna **Citroën**, **Peugeot** agus **Renault** sa Fhrainc.
- Is rás cáiliúil rothaíochta é an **Tour de France**. Bíonn an rás timpeall 3,500 km ar fad agus maireann sé 21 lá.
- Téann tollán Mont Blanc ón bhFrainc go dtí an Iodáil. Tollán 11 km ar fad atá ann.
- Tá an-tóir ar an gcluiche **pétanque** sa Fhrainc. Sa chluiche caitear 3 liathróid mhiotail agus déantar iarracht iad a fháil chomh cóngarach agus is féidir don liathróid adhmaid. Imrítear amuigh faoin aer é.



Tugann na milliúin turasóir cuairt ar an bhFrainc gach bliain. Cad a mheallann ann iad, meas tú?



Céard ba mhaith leatsa a fheiceáil nó a dhéanamh má thugann tú cuairt ar an bhFrainc amach anseo?

# Fíor nó Bréagach?

Ráiteas	Fíor	Bréagach
Tá na hAlpa mar theorainn idir an Fhrainc agus an Spáinn.		✓
Is í an tSéin an abhainn is faide sa Fhrainc.		✓
Comhlacht Seapánach is ea Renault.		✓
Tá teorainn ag an bhFrainc leis an nGearmáin.	✓	
Bíonn féile sa Fhrainc ar an 14 Lúnasa gach bliain chun comóradh a dhéanamh ar an lá a gabhadh an <i>Bastille</i> .		✓
Tá an Fhrainc sa leathsféar thuaidh.	✓	
Réigiún Ceilteach is ea an Bhriotáin.	✓	
Tá Páras suite ar an tSéin.	✓	

# Tráth na gCeist

[http://www.oswego.org/ocsd-  
web/quiz/mquiz.asp?filename=MniGh  
allanfhrainc](http://www.oswego.org/ocsd-web/quiz/mquiz.asp?filename=MniGh<br/>allanfhrainc)

Cliceáil ar an nasc thíos chun féachaint  
ar fhíseán faoin bhFrainc:

<http://video.nationalgeographic.com/video/destinations/france-overview-dest>

Cliceáil ar an nasc thíos chun cluiche faoi chathracha na Fraince a imirt:

<http://online.seterra.net/ga/ex/44>

Cliceáil ar an nasc thíos chun cluiche faoi thíortha na hEorpa a imirt:

<http://online.seterra.net/ga/vgp/3007>

Tuilleadh eolais le fáil ar na suíomhanna seo:

[http://europa.eu/kids-corner/countries/flash/index\\_ga.htm](http://europa.eu/kids-corner/countries/flash/index_ga.htm)

<http://www.timeforkids.com/destination/france>



**Gabhaimid buíochas leis na daoine agus leis na heagraíochtaí a leanas a chuir íomhánna ar fáil do na sleamhnáin seo:** Christine Warner

PARIS - AUGUST 4: Visitors take photo of Leonardo DaVinci's "Mona Lisa" at the Louvre Museum, August 4, 2012 in Paris, France. The painting is one of the world's most famous. S-F/Shutterstock.com

PARIS - JULY 14: night scene of fireworks at Eiffel Tower in Bastille Day, July 14, 2013 in Paris France. Ditty\_about\_summer/Shutterstock.com

QUIMPER, FRANCE JULY 26, 2013: Festival of Breton dance with traditional clothes in Quimper, Brittany, France. A revival of traditional Breton dancing has taken place for about 70 years. WorldPictures/Shutterstock.com

**Íomhánna eile:** Shutterstock

Rinneadh gach iarracht teacht ar úinéir an chóipchirt i gcás na n-íomhánna atá ar na sleamhnáin seo. Má rinneadh faillí ar aon bhealach ó thaobh cóipchirt de ba cheart d'úinéir an chóipchirt teagmhála dhéanamh leis na foilsitheoirí. Beidh na foilsitheoirí lántoilteanach socruithe cuí a dhéanamh leis.

© Foras na Gaeilge, 2016

An Gúm, 24-27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1

 AN GÚM